Easpa busanna scoile i gCiarraí

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi easpa busanna scoile do dhaltaí chun freastal ar scoil i dTrá Lí. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, an féidir leat féin agus an duine in aice leat na focail Ghaeilge atá le fáil sa mhír a cheangal leis ne focail Bhéarla thíos.

1. school transport system	a. an rogha
2. the choice	b. níl Gaeilge ar a dtoil acu
3. edge of the Gaeltacht	c. ag brath ar
4. Kerry County Council	d. córas iompair scoile
5. Councillor	e. níl siad ar a gcompord leis
6. catchment area	f. scéim oideachais
7. depending on	g. Comhairle Contae Chiarraí
8. educational scheme	h. Comhairleoir
9. they are not fluent in Irish	i. imeall na Gaeltachta
10. they are not comfortable with	j. abhantrach

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Ceist 2 Féachaigí ar an mhír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3 Anois féach ar an mhír arís agus ceangail na habairtí cearta ar dheis leis na focail chuí ar chlé.

1. Comhairle Contae Chiarraí	a) ag rá nach bhfuil rogha taistil ag daltaí scoile freastal ar scoil Bhéarla nó scoil Ghaeilge
2. Abhainn an Scáil	b) costas an bhus go Trá Lí
3. Michael O'Shea	c) ag iarraidh ar an Aire Oideachais na rialacha a bhaineann leis an gcóras iompair scoile a athrú
4. Trá Lí	d) baile ar imeall na Gaeltachta
5. €10	e) áit a bhfuil scéim oideachais ar bun chun cuidiú leo siúd nach bhfuil Gaeilge líofa acu
6. Pobalscoil Chorca Dhuibhne	f) áit a bhfuil scoil Bhéarla

1	2	3	4	5	6

Ceist 4 ‘*le **h**oideachas’*

Féach ar na hamanna seo a chuirtear ‘h’ roimh ghuta. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí dhá shampla eile leis an liosta thíos.

i.	*chomh, go, le*:	*chomh **h**iontach*	_____
ii.	*cé, ní + forainm*:	*cé **h**é? Ní **h**iad*	_____
iii.	*aidiacht shealbhach:*	*a **h**airgead*	_____
iv.	*sloinne tar éis Ó:*	*Ó **h**Aodha*	_____
v.	*cá:*	*cá **h**áit*	_____
vi.	*tuiseal ginideach:*	*ar fud na **h**áite*	_____
vii.	*uimhir iolra:*	*na **h**ainmneacha*	_____
viii.	*orduimhreacha:*	*an tríú **h**uimhir*	_____

Ceist 5 ‘*Aire Oideachai**s**’*

Tá an dara focal sa sampla thuas sa tuiseal ginideach. Is focal firinscneach é an focal ‘oideachas’ agus caolaítear é sa tuiseal ginideach, is é sin go gcuirtear ‘i’ ag deireadh an fhocail. Féach ar na samplaí eile seo a bhí sa mhír:

córas iompair, rogha taistil, scéim oideachais

Anois, cuir an fhoirm cheart de na focail idir lúibíní sna bearnaí, ag úsáid na samplaí thuas mar threoir.

1. rang (reiligiún): _____
2. mála (leathar): _____
3. cruinniú (bord): _____
4. múinteoir (meánleibhéal): _____
5. Meán (Fómhar): _____
6. ceann (doras): _____
7. droichead (adhmad): _____
8. suíochán (gluaisteán): _____
9. bosca (bruscar): _____
10. brat (urlár): _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

Cén dóigh a dtéann tú (a dteiteá) ar scoil? An dtaitníonn / ar thaitin sé leat? Cén fáth?
Ar cheart go mbeadh córas iompair scoile saor do chách?
An gceapann tú go bhfuil oideachas trí Ghaeilge deacair? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1 agus Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
d	a	i	g	h	j	c	f	b	e

Ceist 3

1	2	3	4	5	6
c	d	a	f	b	e

Ceist 4

i.	*chomh, go, le*:	*chomh **h**iontach*	***go hard, le hÉamonn***
ii.	*cé, ní + forainm*:	*cé **h**é? Ní **h**iad*	***cé hí? Ní hé***
iii.	*aidiacht shealbhach:*	*a **h**airgead*	***a haintín, a huncail***
iv.	*sloinne tar éis Ó:*	*Ó **h**Aodha*	***Ó hÓgáin, Ó hEochaidh***
v.	*cá:*	*cá **h**áit*	***cá huair?***
vi.	*tuiseal ginideach:*	*ar fud na **h**áite*	***dath na heochrach, na hintinne***
vii.	*uimhir iolra:*	*na **h**ainmneacha*	***na huimhreacha, na hinnill***
viii.	*orduimhreacha:*	*an tríú **h**uimhir*	***an cúigiú huimhir, an dara háit***

Ceist 5

1.	rang (reiligiún):	*rang reiligiúin*
2.	mála (leathar):	*mála leathair*
3.	cruinniú (bord):	*cruinniú boird*
4.	múinteoir (meánleibhéal):	*múinteoir meánleibhéil*
5.	Meán (Fómhar):	*Meán Fómhair*
6.	ceann (doras):	*ceann dorais*
7.	droichead (adhmad):	*droichead adhmaid*
8.	suíochán (gluaisteán):	*suíochán gluaisteáin*
9.	bosca (bruscar):	*bosca bruscair*
10.	brat (urlár):	*brat urláir*

Ceist 6
Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Éimear Ní Chonaola

Tá Comhairle Contae Chiarraí ag iarraidh ar an Aire Oideachais na rialacha a bhaineann leis an gcóras iompair scoile a athrú le go mbeidh an rogha ag daltaí oideachas a fháil i mBéarla nó i nGaeilge. Dúradh go raibh roinnt daltaí sa Ghaeltacht[i] a bhfuil deacrachtaí acu le hoideachas i nGaeilge ach nach raibh aon chóras iompair scoile ar fáil dóibh le freastal ar scoil Bhéarla.

Tomás Ó Mainnín

Tá Abhainn an Scáil ar imeall na Gaeltachta i gCiarraí Thiar. Ó thaobh oideachais dara leibhéal tá sí in abhantrach sheirbhís iompair scoile an Daingin. Ach, inniu i gcruinniú de Chomhairle Contae Chiarraí, dúradh nach raibh daltaí áirithe ó Abhainn an Scáil in ann don oideachas trí Ghaeilge sa Daingean.

D'iarr an Comhairleoir Michael O'Shea go n-iarrfaí ar an Aire Oideachais na rialacha maidir leis an gcóras iompair scoile a athrú ionas go mbeidh rogha taistil ag daltaí d'oideachas trí Ghaeilge nó trí Bhéarla. Dúirt an Comhairleoir O'Shea go bhfuil na daltaí ag dul ar scoil Bhéarla i dTrá Lí anois. Dúirt sé go rabhadar ag brath ar an gcóras iompair phoiblí[ii] atá ag cosaint deich euro sa tseachtain ar gach dalta. Ghlac Comhairle Contae Chiarraí inniu leis go scríobhfaí go dtí an tAire Oideachais[iii] ag iarraidh na rialacha maidir leis an gcóras iompair scoile a athrú.

Tá scéim oideachais curtha ar bun i bPobalscoil Chorca Dhuibhne chun cabhrú leosan nach bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu, ach is cosúil nach bhfuil tuismitheoirí nó daltaí áirithe ar a gcompord leis. Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4, in Abhainn an Scáil i gContae Chiarraí.

---

[i] *sa nGaeltacht* a deirtear sa chaint i gcanúint an Iarthair
[ii] *poiblí* a deirtear
[iii] *an Aire Oideachais* a deirtear